BY HAND

[redacted]

An tIonad Shaoráil Faisnéise

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Sráid Mhaolbhríde

Baile Átha Cliath 1

D01 RC93

foi@education.gov.ie

Freedom of Information Unit
Department of Education and Skills
18 JAN 2017
FOI Request 2016/467

Eanáir 17 2017

A chara,

Ba mhaith liom athbreithniú inmheánach ar dhiúltiú Tony Shine ar m'iarratas thíosluaite.

"Ba mhaith liom cóip den leabhar "síniú isteach" a bhfuil i bhFáiltiú na Roinne Oideachais agus Scileanna, i Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, ó 1 Meán Fómhair 2015 go 22 Meán Fómhair 2016.

Ba mhaith liom cóip den leabhar "síniú isteach" a bhfuil i bhFáiltiú na Roinne Oideachais agus Scileanna, i gCorr na Madadh, Baile Átha Luain ó 1 Meán Fómhair 2015 go 22 Meán Fómhair 2016.

Déanaim an t-iarratas seo faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014."

Déanaim tagairt do litir Tony Shine an 23 Nollaig 2016, a dhiúltiú faoi Alt 37(1) den Acht um Shaoráil Faisnéise ar bhunús eolas pearsanta agus mo cheart ar athbreithniú inmheánach laisitgh de 28 lá oibre.

Is taifid poiblí an dá leabhar "sign in" atáim ag iarraidh agus taifead a thagann a bhfuil mar croílár Theideal Fada an Acht um Shaoráil Faisnéise agus mar sin cúis an Achta. Thairis sin coinnítear go poiblí an dá leabhar thuasluaite agus is féidir le gach duine a thagann i ndiaidh

duine eile sonraí an daoine roimhe/roimpi a fheiceáil sa leabhar. Mar sin ní sonraí pearsanta a bhfuil i gceist ach sonraí poiblí.

Déanann Tony Shine tagairt do dhialann Sheán Uí Foghlú agus luann sé go bhfuil seo arlíne. Nil seo fíor, ní bhaineann dialann Sheán Uí Foghlú leis an iarratas laistigh agus táim ag fanacht ar dhaialann Shéan Uí Foghlú, reamhainmnithe mar chuid d'iarratas eile a rinne mé faoiun Acht um Shaoráil Faisnéise chuig an Roinn.

Tá Ordú Poist de €30 iniata leis an litir seo don athbreithniú inmheánach, chomh maith le m'iarratas an 21 Meán Fómhair nach bhfuil mé ach ag fáil freagra air anois.

Is mise le meas,

[redacted]